Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10770/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0180(NLE)**

**ACP 59**
**WTO 81**
**RELEX 750**
**COAFR 205**
**FDI 9**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 312 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 312 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 312 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.6.2023
COM(2023) 312 final

2023/0180 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

In 2020, áiríodh togra maidir le '*socruithe níos uaillmhianaí a fhorbairt chun infheistíocht san Afraic a éascú, a mhealladh agus chun tacú léi*' i straitéis chuimsitheach an Aontais Eorpaigh (AE) leis an Afraic[1].

Is í Poblacht Angóla (dá ngairtear 'Angóla' anseo feasta) an 7ú ceann scríbe infheistíochta is mó d'infheisteoirí an Aontais ar mhór-roinn na hAfraice, lena gcumhdaítear 5.4 % de stoc an Aontais d'infheistíocht dhíreach choigríche (EUR 9.9 mbilliún d'infheistíocht dhíreach choigríche in 2020). Cé go bhfuil geilleagar Angóla bunaithe faoi láthair ar na hamhábhair agus na foinsí fuinnimh atá aici go flúirseach, tá an tír ag iarraidh a samhail eacnamaíoch a éagsúlú, agus tá iarrachtaí suntasacha déanta aici le blianta beaga anuas chun timpeallacht na hinfheistíochta a fheabhsú le haghaidh infheisteoirí eachtracha agus áitiúla. Tá Angóla ag cur tús le caibidlíocht chun páirt a ghlacadh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (EPA) idir an tAontas agus Grúpa EPA de chuid Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice ('SADC'). Níl forálacha sonracha maidir le hinfheistíocht sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, áfach.

An 8 Meán Fómhair 2020, Valdis Dombrovskis, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, agus Victor Fernandes, Aire um Thrádáil agus Tionsclaíocht Angóla, d'eisigh siad ráiteas comhpháirteach inar deimhníodh '*a rún tús a chur le plé tosaigh maidir le comhaontú infheistíochta AE-Angóla, anuas ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, chun díriú ar infheistíocht a éascú.*'[2]

An 23 Márta 2021 ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle[3] lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le hAngóla maidir le comhaontú um infheistíocht a éascú. An 26 Bealtaine 2021, d'údaraigh Comhairle an Aontais Eorpaigh tús a chur leis an gcaibidlíocht[4] agus ghlac sí treoracha caibidlíochta.

An 22 Meitheamh 2021, sheol an tAontas agus Angóla caibidlíocht maidir le Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú (dá ngairtear 'an Comhaontú'). I ndiaidh 4 bhabhta caibidlíochta, thug an tAontas agus Angóla an chaibidlíocht i gcrích an 18 Samhain 2022.

Is é cuspóir foriomlán an Chomhaontaithe feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus slógadh agus coinneáil na hinfheistíochta idir an tAontas agus Angóla a éascú ar bhonn rialacha, bearta agus nósanna imeachta nua-aimseartha simplithe a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach choigríche. Lena linn sin, cuirtear forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus cruthú post chun cinn agus neartaítear an caidreamh infheistíochta déthaobhach leis an gcomhaontú. Cuirtear ardán iontaofa ar fáil leis freisin chun rannchuidiú le geilleagar Angóla a éagsúlú agus lena lánpháirtiú sa gheilleagar domhanda.

---

[1] Teachtaireacht Chomhpháirteach 2020 'i dtreo Straitéis chuimsitheach leis an Afraic' JOIN(2020) 4 final https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020JC0004

[2] https://eeas.europa.eu/headquarters/headquarters-homepage/84859/5th-angola-eu-ministerial-meeting-joint-way-forward_en

[3] Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le hAngóla maidir le comhaontú um infheistíocht a éascú, COM(2021) 138 final

[4] Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le hAngóla maidir le comhaontú um infheistíocht a éascú, 8441/21, 20 Bealtaine 2021

Is é an Comhaontú seo an chéad chomhaontú maidir le hinfheistíocht a éascú a ndearna an tAontas caibidlíocht air riamh agus is ionstraim dlí é an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal, lena n-údaraítear síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na cuspóirí thuasluaite comhsheasmhach leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena bhforáiltear gur cheart don Aontas *'lánpháirtiú na dtíortha uile sa gheilleagar domhanda a chothú, lena n-áirítear trí shrianta ar an trádáil idirnáisiúnta a dhíothú de réir a chéile'*[5].

Tá na cuspóirí i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí Chomhaontú Cotonou[6], agus leis na prionsabail ghinearálta a chuirtear chun cinn ann.

Comhfhreagraíonn an Comhaontú seo do Phríomhghníomhaíocht 12 ('comhaontuithe infheistíochta inbhuanaithe leis an Afraic agus le Comharsanacht an Deiscirt a shaothrú') d'Athbhreithniú an Choimisiúin ar an mBeartas Trádála[7], inar fhógair an Coimisiún a rún *'tionscnamh infheistíochta inbhuanaithe nua a mholadh do chomhpháirtithe nó do réigiúin san Afraic agus i gComharsanacht an Deiscirt a bhfuil suim acu é sin a dhéanamh [...] trí chomhaontuithe infheistíochta neamhspleácha nó trí chomhaontuithe atá ann cheana a nuachóiriú.'*

Comhlánóidh an Comhaontú seo freisin 'an Comhaontú um Infheistíocht a Éascú chun Forbairt a dhéanamh' atá faoi chaibidil ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála faoi láthair.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na cuspóirí comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe an beartas forbartha.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

I gcomhréir le Tuairim 2/15 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcomhaontú saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór an 16 Bealtaine 2017, thiocfadh na réimsí uile a chumhdaítear leis an gComhaontú faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus, go háirithe, faoi raon feidhme Airteagal 207(1) CFAE (infheistíocht dhíreach choigríche).

Dá bharr sin, tá an Comhaontú seo le síniú ag an Aontas de bhun cinneadh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 218(5) CFAE agus le tabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun cinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 218(6) CFAE, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní chumhdaítear leis an gComhaontú aon ábhar nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

---

5 Airteagal 21(2)(e) CAE

6 Comhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach, COM(2021) 66 final

- **Comhréireacht**

Tá an Comhaontú seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ós rud é gur ionstraim iomchuí é comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích chun cearta agus oibleagáidí cómhalartacha a ghlacadh in éineacht le hábhar dlí náisiúnta amhail tír eachtrach.

Leis an gComhaontú seo saothraítear go díreach cuspóir an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus rannchuidítear leis an tosaíocht pholaitiúil 'an tAontas Eorpach a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre'. Tá sé i gcomhréir le treoshuíomhanna Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh chun dul i gcaidreamh le comhpháirtithe eile agus a chomhpháirtíochtaí seachtracha a athchóiriú ar bhealach freagrach, ionas go mbainfear amach tosaíochtaí seachtracha an Aontais. Rannchuidíonn sé le cuspóir an Aontais slabhraí soláthair slána éagsúla athléimneacha a chruthú[8], chomh maith le cuspóirí trádála agus forbartha an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, lena bhforáiltear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí maidir le síniú comhaontuithe idirnáisiúnta. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ó mhí an Mheithimh go dtí Mí na Samhna 2020, rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí[9] chun ionchur a lorg ó Pharlaimint na hEorpa, na Ballstáit, páirtithe leasmhara agus an tsochaí shibhialta maidir leis an athbhreithniú ar bheartas trádála an Aontais Eorpaigh, agus maidir le bealaí chun caidreamh trádála agus infheistíochta an Aontais leis na tíortha comharsana agus leis an Afraic a neartú.

Téann an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara *inter alia* sa Sainghrúpa um Chomhaontuithe Trádála[10] agus leis an Líonra um Chomhphlé leis an tSochaí Shibhialta[11]. Go háirithe, cuireadh an chaibidlíocht ar an gComhaontú seo in iúl agus pléadh í le linn Comhphlé leis an tSochaí Shibhialta an 24 Samhain 2021 agus an 17 Márta 2023.

Roimh an gcaibidlíocht agus lena linn, cuireadh Ballstáit an Aontais ar an eolas go rialta agus chuathas i gcomhairle leo ó bhéal agus i scríbhinn maidir leis na gnéithe éagsúla den chaibidlíocht trí Mheitheal na Comhairle um an Afraic, um Muir Chairib agus um an Aigéan Ciúin (ACC) agus tríd an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir le Seirbhísí agus Infheistíocht. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas trína Coiste um Thrádáil

---

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Soláthar amhábhar criticiúil ar bhonn inbhuanaithe slán chun tacú leis an dá aistriú*, COM(2023) 165 final

9 https://policy.trade.ec.europa.eu/consultations/consultation-trade-policy-review_ga

10 http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/expert-groups/

11 http://trade.ec.europa.eu/civilsoc/meetdetails.cfm?meet=11531

Idirnáisiúnta (INTE), go háirithe i gcomhthéacs Ceardlann shonrach[12] an 26 Deireadh Fómhair 2022. Na téacsanna a tháinig as an gcaibidlíocht de réir a chéile, scaipeadh iad ar an dá institiúid.

Thairis sin, le linn na caibidlíochta, d'fhoilsigh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin[13] tuarascálacha faoi na babhtaí caibidlíochta, na tograí téacs, na preaseisiúintí, na bileoga eolais agus ábhair faisnéise cúlra eile, agus thug sé an fhaisnéis cothrom le dáta go rialta freisin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Agus tús á chur leis an gcaibidlíocht, bhí an Coimisiún ag brath ar shaineolas seachtrach a bailíodh i gcomhthéacs an Athbhreithnithe a rinne UNCTAD (Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt) ar Bheartas Infheistíochta Angóla[14] agus ar staidéar[15] a rinne an Banc Domhanda. Cuireadh an dá thuarascáil le chéile a bhuí le tacaíocht airgeadais ón Aontas. Sa tuarascáil ó UNTCAD, cuireadh faisnéis ar fáil maidir le creat infheistíochta Angóla agus leis na scrogaill sa timpeallacht infheistíochta. Baineann siad leis an gcóras le haghaidh teacht isteach infheistíochta agus infheistíocht a bhunú, na rialacháin oibríochtúla agus acmhainneacht agus comhordúchán an riaracháin. Cuireann na fadhbanna sin bac ar chumas Angóla leas a bhaint as a hacmhainn ollmhór infheisteoirí ó earnálacha éagsúla a mhealladh. Dar leis an tuarascáil ón mBanc Domhanda, is iad na tosca criticiúla a mbíonn tionchar acu ar chinntí infheistíochta infheisteoirí i dtíortha atá i mbun forbartha ná an easpa trédhearcachta agus intuarthachta agus iad ag plé le gníomhaireachtaí poiblí, athruithe tobanna ar na dlíthe agus ar na rialacháin, agus moilleanna ar cheadúnais agus ar dheimhnithe a fháil ón rialtas. Is iad sin na réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhthráth leis an gcaibidlíocht, rinne conraitheoir seachtrach Measúnú Tionchair maidir le hInbhuanaitheacht (SIA)[16] a chumhdaigh aontachas Angóla le Comhaontú AE-SADC EPA agus leis an gComhaontú. Is é cuspóir an staidéir a shainaithint cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann - tionchar ar an ngeilleagar, ar dhálaí sóisialta, an tionchar ar chearta an duine agus an tionchar ar an gcomhshaol - de bharr na bhforálacha sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche agus sa Chomhaontú. Faoi chuimsiú an mheasúnaithe tionchair maidir le hinbhuanaitheacht, chuaigh an conraitheoir i gcomhairle le saineolaithe inmheánacha agus seachtracha agus rinne sé comhairliúcháin le páirtithe leasmhara san Aontas agus in Angóla araon.

---

[12] An cheardlann 'Bealaí chun cinn don chaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus an Afraic', 26 Deireadh Fómhair 2022

[13] https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade-relationships-country-and-region/countries-and-regions/southern-african-development-community-sadc/eu-angola-negotiations_en

[14] Féach UNCTAD *Athbhreithniú ar Bheartas Infheistíochta Angóla* https://unctad.org/system/files/official-document/diaepcb2019d4_en.pdf

[15] Féach an Banc Domhanda, *Infheistíocht Dhíreach Choigríche a Choinneáil agus a Leathnú, an Riosca Polaitiúil agus Freagairtí Beartais*http://documents1.worldbank.org/curated/en/387801576142339003/pdf/Political-Risk-and-Policy-Responses.pdf

[16] Féach *Measúnú Tionchair maidir le hInbhuanaitheacht (SIA) mar thaca le caibidlíocht thrádála le hAngóla le haghaidh aontachas le AE-SADC EPA*, an Tuarascáil Chríochnaitheach, Mí na Nollaig 2021, https://circabc.europa.eu/ui/group/09242a36-a438-40fd-a7af-fe32e36cbd0e/library/f9babf9b-6d05-475f-a322-1bfc4e5c9982?p=1&n=10&sort=modified_DESC

Deimhnítear leis an Measúnú Tionchair maidir le hInbhuanaitheacht tionchar dearfach an Comhaontaithe ar gheilleagar Angóla, agus cuirtear i dtábhacht an chomhlántacht idir an Comhaontú, aontachas le AE-SADC EPA agus an cúnamh teicniúil chun tacú leis an dá phróiseas sin. Ní aithnítear sa Mheasúnú Tionchair maidir le hInbhuanaitheacht aon tionchar diúltach atá ag an gComhaontú ar an bhfostaíocht, ar chearta oibre, ar chearta an duine ná ar an gcomhshaol.

Rinne an conraitheoir seachtrach 'BKP Economic Advisors' an Measúnú Tionchair maidir le hInbhuanaitheacht a chumhdaigh aontachas Angóla le Comhaontú AE-SADC EPA agus leis an gComhaontú araon.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an togra aon difear do chosaint chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an gComhaontú seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuimsíonn an Comhaontú forálacha institiúideacha lena leagtar síos an struchtúr do na comhlachtaí cur chun feidhme chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar a chur chun feidhme, ar a oibriú agus ar a thionchar.

Sa chaibidil institiúideach den Chomhaontú, bunaítear 'Coiste um Infheistíocht a éascú' a bhfuil sé mar phríomhchúram air a áirithiú go n-oibríonn an Comhaontú go cuí éifeachtach. Chomh maith leis sin, bunaítear leis an gComhaontú Comhphlé leis an tsochaí shibhialta a bheidh ar siúl go bliantúil i gcomhar le cruinniú den Choiste um Infheistíocht a éascú.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é cuspóir foriomlán an Chomhaontaithe seo éascú a dhéanamh ar infheistíocht idir an tAontas agus Angóla a mhealladh, a leathnú agus a choinneáil ar mhaithe le héagsúlú eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe.

Tá 4 chaibidil shubstainteacha sa Chomhaontú:

- Intuarthacht agus trédhearcacht beart infheistíochta a fheabhsú, mar shampla, trína cheangal go ndéanfaí gach dlí agus coinníoll infheistíochta a fhoilsiú agus trí úsáid tairseach faisnéise aonair a chur chun cinn d'infheisteoirí;

- Nósanna imeachta údaraithe a chuíchóiriú trí iarratais a phróiseáil go tapa agus ríomhrialtas a chothú;
- Pointí fócasacha agus ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara chun idirghníomhaíochtaí idir infheisteoirí agus an riaracháin a éascú;
- Infheistíocht agus forbairt inbhuanaithe, tríd an gcur chuige is déanaí ag an Aontas maidir le gealltanais i ndáil le 'trádáil agus forbairt inbhuanaithe' agus le hiompar gnó freagrach a ionchorprú.

Tá an chaibidil maidir le 'Agóid a sheachaint agus a réiteach' bunaithe ar chomhar idir na Páirtithe agus ar réiteach a chomhaontú ar bhonn frithpháirteach, ach áirítear inti freisin an fhéidearthacht go ndéanfaí eadráin idir stáit mar rogha dheireanach, chomh maith le rialacha idirghabhála.

Tríd is tríd, tá coinne leis go gcuirfidh an Comhaontú feabhas ar an timpeallacht ghnó in Angóla, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí eachtracha agus intíre araon. Dá réir sin, spreagfar infheisteoirí eachtracha chun fanacht níos faide, rud a rannchuideoidh leis an ngeilleagar áitiúil ar bhonn níos fadtéarmaí. Chomh maith le hinfheisteoirí atá ann cheana, tá sé mar aidhm ag an gComhaontú infheisteoirí nua a mhealladh go hAngóla, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, ar fiontair iad a mbíonn tuilleadh deacrachtaí acu leis na nósanna imeachta fada casta a bhaineann le hinfheistiocht a dhéanamh ar an gcoigríoch.

Ós rud é go gcuirtear feabhas ar chobhsaíocht an dlí le haghaidh infheistíocht i ngach earnáil leis an gComhaontú, tá coinne leis go rannchuideoidh sé sin le héagsúlú eacnamaíoch Angóla in earnálacha nua amhail onnmhairiú bia, monaraíocht, nó seirbhísí. Foráiltear sa Chomhaontú freisin forálacha atá dírithe ar naisc idir infheisteoirí eachtracha agus soláthróirí intíre a fheabhsú.

Ar deireadh, leis an gComhaontú, déantar gné thábhachtach den fhorbairt inbhuanaithe a chomhtháthú i gcaidreamh infheistíochta an Aontais le hAngóla, lena n-áirítear gealltanais gan dlíthe agus caighdeáin chomhshaoil nó saothair a lagú chun infheistíocht a mhealladh agus gan na dlíthe sin a tharscaoileadh ná maolú orthu. Áirítear sa Chomhaontú freisin gealltanais chun comhaontuithe idirnáisiúnta saothair agus comhshaoil a chur chun feidhme go héifeachtach, Comhaontú Pháras san áireamh. Faoin gComhaontú, tá ceangal ar na Páirtithe cleachtais ghnó fhreagracha a chur chun cinn i measc infheisteoirí agus neartaítear comhar déthaobhach maidir le gnéithe den infheistíocht, is iad sin gnéithe de na beartais i ndáil leis an athrú aeráide agus le comhionannas inscne.

2023/0180 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 6 Bealtaine 2021, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún comhaontú a chaibidliú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla maidir le hinfheistíocht a éascú ('an Comhaontú').

(2) An 18 Samhain 2022, tugadh i gcrích an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo síniú an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí i ndáil le síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích, don duine nó do na daoine arna sonrú ag idirbheartaí an Chomhaontaithe.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*